



## Foirm Chlárucháin maidir le Paiste a

## Ghlacadh faoi do Chúram agus Fearas Bruscair a Fháil

Teachtaireacht ó FSS: Chun tú féin agus daoine eile a chosaint ón gcoróinvíreas (COVID-19), bí ag smaoineamh faoin mbealach a scaiptear an víreas.

Scaiptear an coróinvíreas i mbraoinín sraotha nó casachta. Chun tú a ionfhabhtú, caithfidh sé dul ó shrón nó ó bhéal duine ionfhabhtaithe isteach i do shúile, do shrón nó do bhéal. D'fhéadfadh sé sin tarlú go díreach nó go hindíreach (ar lámha, ábhair, dromchlaí.) Cuimhnigh air sin. Cuideoidh sé leat cuimhneamh ar na nithe ar fad is gá duit a dhéanamh chun tú féin agus daoine eile a chosaint ón víreas.

**Bí freagrach, bí sábháilte - Tá sé níos tábhachtaí ná riamh lámha a ní i gceart, sláinteachas riospráide agus scaradh sóisialta a dhéanamh i gceart. Tá tuilleadh eolais ar mar is féidir leat tú féin agus daoine eile a chosaint ó COVID-19 ar fáil ag <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/protect-yourself-and-others.htm>**

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall ábhair ar fáil do phobail nó do dhaoine aonair chun cuidiú leo ceantair a choinneáil saor ó bhruscar.

Iarraimid go bhfágтар gnáthóga slán - ná glan eidhneán, driseoga, duilleoga, casarnach nó 'fiailí' - is plandaí fiáine dúchasacha iad seo atá lán le pailin agus tá speiceas na tíre ag brath orthu le maireachtáil.

Tá géarchéim ann don dúlra agus tá ról againn lena chinntiú go dtiocfaidh sé slán as. Is féidir leat cur leis an gceantar gan plandaí fiáine a ghlanadh. Ná spraeáil fiailnimh mar go maireann lotnaidicídí sa chomhshaol ar feadh tamall maith.

**Comhlánaigh an fhoirm seo, glac grianghraif di agus seol ar aghaidh í mar cheangaltán chuig [environment@fingal.ie](mailto:environment@fingal.ie)**

An bhfuil sé ar intinn agat Paiste a Ghlacadh faoi do Chúram? Tá  Níl

Ainm an Duine Aonair nó an Ghrúpa a ndéanfaidh Paiste a Ghlacadh faoina Chúram/  
faoina gCúram:

Líon na mBall:

Ceantar/ suíomh atá le coimeád:

Ainm teagmhála\*:

Seoladh ríomhphoist\*:

Uimhir theileafóin\*:

**Cén fearas bruscair atá ag teastáil uait? (Tá sé seo ag brath ar an soláthar)**

Líon na dtlúnna bruscair

Péirí lámhainní

Líon na mball éadaigh sofheicthe

Rollaí Málaí Bruscair Bána

Ainm an Ionaid Phobail, más infheidhme:

**An dtugann tú toiliú do Rannóg Timpeallachta Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis phearsanta thuasluaite a choinneáil** chun críocha teagmháil a dhéanamh leat ó am go chéile maidir le glantaí bruscair agus feasacht comhshaoil.

Scríos mar is cuí: **Tugann / Ní thugann**

Tá an bruscar ar fad a bhaileofar le fágáil lena bhailiú ag boscaí bruscair Chomhairle Contae Fhine Gall atá ann cheana féin nó is féidir socruithe a dhéanamh le Rannóg Oibríochtaí Fhine Gall sa cheantar chun na málaí a bhailiú.

Is féidir málaí a bhailiú ar bhóithre poiblí agus ar eastáit glactha ar lámh amháin - i.e. ní féidir iad a bhailiú ar eastáit tithíochta phríobháideacha.

**Mar seo a leanas atá na seoltaí ríomhphoist:**

Binn Éadair-Mullach Íde – [howmaloparea@fingal.ie](mailto:howmaloparea@fingal.ie)  
ceantar Bhaile Brigín-Sord: [balswooparea@fingal.ie](mailto:balswooparea@fingal.ie)  
ceantar Chaisleán Cnucha-Mhullach Eadrad:  
[casmuloparea@fingal.ie](mailto:casmuloparea@fingal.ie)

- **Péint** – seol ríomhphost díreach chuig [dave@rediscoverycentre.ie](mailto:dave@rediscoverycentre.ie) chun soláthar péinte seachtraí athchúrsáilte saor in aisce a fháil do limistéir eastáit phobail

**Maidir leis an bPaiste a Ghlacann tú faoi do Chúram, coinnigh gnáthóg ar bith atá an cheana, le do thoil, amhail eidhneán agus bláthanna fiáine, lena n-úsáid ag feithidí a bhíonn ag pailniú.**

**Áirítear ar bhearta tábhachtacha: -**

1. **Níos lú lomtha** – Lig do bhláthanna fiáine dúchasacha bláthú do na beacha agus na feithidí, lig don limistéir fás
2. **Níos lú Spraeála** fiailnimhe/ lotnaidicídí/ luibhicídí. Tá tuaslagán fínéagair atá sábháilte don talamh an-éifeachtach.
3. **Níos mó bláthanna atá lán le pailin a chur** – mar a mholann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta: Duillín aon leathanaigh ar bhláthanna le cur atá lán le pailin. [http://pollinators.ie/wordpress/wp-content/uploads/2018/04/AIPP-Garden-Plants\\_A5-Flyer-PRINT.pdf](http://pollinators.ie/wordpress/wp-content/uploads/2018/04/AIPP-Garden-Plants_A5-Flyer-PRINT.pdf)

**Tá fearas piochta bruscair ar fáil don scéim Paiste a Ghlacadh faoi do Chúram ag na suíomhanna seo a liostáiltear thíos:**

1. **Ionad Pobail Mhullach Eadrad**, Bóthar an Teampaill, Baile an Bhosardaigh, Baile Átha Cliath 15, D15 R2VF, Teileafón: (01) 821 5120
2. **Ionad Pobail agus Óige Radharc an Chnocáin**, Mulláin Lohunda, Cúil Mhín, Baile Átha Cliath 15, (01) 821 8665
3. **Ionad Pobail & Fóillíochta Dhomhnach Bat Phort Reachrann**, 3 Bóthar Phort Reachrann, Baile Eilís Thuaidh, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath, K36 FY26 Teileafón: (01) 843 4546
4. **Halla Pobail Bhaile Dúill**, An Príomhshráid, Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13, Teileafón: 087 230 1894
5. **Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh**, Lána na Gráige, Baile Brigín, (01) 841 5070
6. **Príomhoifig *Our Balbriggan***, Cearnóg Sheoirse, Baile Brigín, ríomhphost: [ourbalbriggan@fingal.ie](mailto:ourbalbriggan@fingal.ie)

Go raibh maith agat as ról réamhghníomhach a ghlacadh chun feabhas a chur ar do phobal.

**Táim tiomanta d'obair a dhéanamh chun bruscair a laghdú ar bhealach atá tuisceanach don dúlra.**

Síniú \_\_\_\_\_

Téigh chuig [www.pollinators.ie](http://www.pollinators.ie) chun tuilleadh eolais a fháil

D'fhéadfá grianghraif a ghlacadh de do phaiste sula n-oibríonn tú air agus i ndiaidh na hoibre. Má bhíonn tú ag cur ábhair ar na meáin shóisialta, bain leas as haischlib na Comhairle #Communities4Environment agus is féidir an hanla @FingalCommunity a áireamh ar Twitter

Go raibh maith agat as an obair dhearfach seo a dhéanamh ar son do phobail.

